COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
Aonad 1
SAINCHEISTEANNA MORÁLTA AGUS EITICIÚLA

Rewarding Learning

Intreoir

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Tionchar eiticiúil na teicneolaíochta ar an tsochaí a phlé agus tagairt a dhéanamh do na rudaí seo a leanas:
  - Mí-úsáid an idirlín
  - Faisnéis phearsanta a rochtain
  - Mí-úsáid na meán sóisialta
  - Na himpleachtaí a bhaineann le córais suite dhomhanda agus traiceáil
  - Údair imní faoi shlándáil sonraí pearsanta



Tá a lán buntáistí ag baint le húsáid mhéadaithe TFC sa ghnáthshaol, ach tá a lán fadhbanna ag baint leis chomh maith.

Mí-úsáid an Idirlín

Tá a lán saincheisteanna **morálta** ag baint le húsáid an idirlín do dhaoine ar bhonn laethúil. Smaoinigh ar an staid seo a leanas agus smaoinigh an bhfuil sé ceart nó mícheart:

- Obair a chóipeáil ó shuíomh gréasáin agus é a úsáid mar a bheadh do chuid oibre féin ann
- CD a cheannaigh tú do chara a chóipeáil
- Scéalta mailíseacha faoi dhuine a scaipeadh ar líne
- Pasfhocal duine éigin eile a úsáid
- Grianghraf a thógáil de dhuine éigin agus é a scaipeadh leis an duine sin a náiriú

Is breá an rud é úsáid a bhaint as an idirlíon ach ní mór duit smaoineamh ar an dóigh a n-úsáideann tú é. Ní mór duit smaoineamh ar na himpleachtaí **eiticiúla**. Is é atá i gceist leis sin, an tuiscint atá agat ar cad é atá ceart agus cad é atá mícheart.

Is foinse iontach faisnéise é an tIdirlíon ar chóir a bheith rud ar bith a mbeifeá ag iarraidh a fháil amach faoi. Is é an fhadhb atá ann, go bhfuil sé rófhurasta do dhuine obair a chóipeáil ón idirlíon agus é a úsáid mar obair dá gcuid féin. Chomh maith leis sin, tá sé thar a bheith furasta bogearraí, scannáin agus amhráin a íoslódáil go neamhdhleathach. Mar is léir, sáraíonn seo dlithe cóipchirt amhail an Copyright, Design and Patents Act.

Bíonn fadhbanna ag oideachasóirí le **bradaíl** i scoileanna agus in ollscoileanna mar is féidir le daltaí obair a chóipeáil go furasta ón idirlíon agus ligean orthu gur obair dá gcuid féin atá inti.

Is féidir le **haiceálaithe** mí-úsáid a bhaint as an idirlíon le rochtain neamhúdaraithe a fháil ar shonraí pearsanta agus/nó sonraí príobháideacha.

Fadhb eile le mí-úsáid idirlín ná leathadh na **víreas**. Ní de thaisme a tharlaíonn víris. Is píosaí bogearraí iad a scríobhadh d'aon tuaras le dochar mailíseach a imirt ar ríomhchóras. Bíonn siad á leathadh go furasta tríd an idirlíon mar íoslódálacha.

Faisnéis phearsanta a rochtain

Fioscaireacht: Is iarracht é seo le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus is minic a dhéantar sin trí ríomhphost. An duine a chuireann an teachtaireacht, maífidh siad go bhfuil siad ó eagraíocht oifigiúil ar nós bainc agus go bhfuil siad ag iarraidh do mhionsonraí bainc a dhearbhú.

Gadaíocht Aitheantais: Is fadhb é seo atá ag méadú i rith an ama i sochaí an lae inniu. Bíonn daoine ag postáil a lán faisnéis phearsanta fúthu féin ar ardáin éagsúla mheán sóisialta.

Fágann sin go bhfuil sé an-fhurasta ag duine eile a gcuid faisnéise a ghoid d'fhonn iad a úsáid le cuntas bainc a chruthú, cárta creidmheasa a fháil srl.

Mí-úsáid na Meán Sóisialta

Is fadhb ollmhór í an **chibearbhulaíocht** i measc daoine óga a úsáideann na meáin shóisialta. Is féidir le bulaithe tuairimí nó teachtaireachtaí gránna a phostáil faoin íospartach acu. Níos measa fós, is féidir leo dul i bhfolach taobh thiar de **phróifíl bhréige** nó fiú postáil go hanaithnid ar roinnt ardán. Bíonn **saincheist phríobháideachta** ann fosta nuair a thugann úsáideoirí na meán sóisialta barraíocht eolais maidir leo féin, mar shampla, a seoladh, a dáta breithe srl. agus fágann siad sin oscailte do gach duine.

Tionchar GPS agus Traiceála

Seasann GPS do chóras suite domhanda (*Global Positioning System*). Arm na Stát Aontaithe a chum é seo ionas go mbeadh a fhios ag saighdiúirí cá háit go díreach a raibh siad ar chlár an domhain. Baineann GPS úsáid as próiseas ar a dtugtar 'Triantánú' leis an tsuíomh a oibriú amach. Baintear úsáid as satailítí le cuidiú leo an suíomh a bheachtú. Oibríonn sé níos fearr taobh amuigh ach tugann sé suíomh cruinn. B'fhéidir nach mbeadh sé cruinn más amhlaidh nach bhfuil an léarscáil réamhshuiteáilte ar an ghaireas suas le dáta.

Cad é mar a oibríonn GPS?

- Tarchuireann satailítí comharthaí chuig an Domhan
- Glacann an gaireas GPS leis na comharthaí seo
- Déanann an gaireas a shuíomh a ríomh bunaithe ar an fhaisnéis ó 3 cinn ar a laghad de shatailítí (Triantánú)
- Ansin taispeántar an suíomh ar léarscáil atá réamhshuiteáilte ar an ghaireas GPS

Úsáidí GPS

Córais loingseoireacht satailíte (*SatNav*) a fhaightear i gcarranna, úsáideann siad satailítí le suíomh an chairr a bheachtú taobh istigh de chúpla méadar. Úsáidtear GPS fosta le cuidiú le longa a mbealach a dhéanamh ar an fharraige, le coirpigh a 'chlibeáil'

ionas go dtig leis na póilíní monatóireacht a dhéanamh ar an áit a bhfuil siad agus fiú ar mhaithe le fóillíocht ag siúlóirí agus sléibhteoirí agus a leithéid lena suíomh a aimsiú.

Imní faoi úsáid na sonraí pearsanta

Bíonn gach duine againn ag tabhairt ár gcuid sonraí pearsanta go toilteanach ar líne ar bhonn laethúil ar an idirlíon. Déantar seo gach uair a gcomhlánaíonn tú foirm ar líne, nuair a chláraíonn tú do shonraí ar shuíomh gréasáin srl.

Trí shuíomhanna meán sóisialta amhail *Facebook* agus suíomhanna comhoibrithe ar líne amhail *Google*, tá muid ag cur ár sonraí pearsanta i mbaol.

Pléadh cúiseanna imní faoin dóigh a bhfuil na sonraí seo á n-úsáid. Tá sé suas don úsáideoir a chuid socruithe príobháideachais a sheiceáil le príobháideachas a gcuid sonraí a rialú go héifeachtach. Is minic a bhíonn na socruithe príobháideachais seo deacair a thuiscint agus mar sin de, fágann sin go bhfuil sé deacair ag an úsáideoir an rogha cheart a dhéanamh. Sampla de seo ná, de réir réamhshocraithe, déanfar próifíl úsáideora ar *Facebook* a dhéanamh poiblí go huathoibríoch nuair atá an t-úsáideoir 18 d'aois.

Is cúis imní ollmhór é fosta nuair a chomhroinneann daoine a sonraí pearsanta le suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir tríú páirtí. D'fhéadfadh na sonraí seo a úsáid don mhianadóireacht sonraí, is é sin, nuair a thiontaíonn eagraíochtaí sonraí loma ina bhfaisnéis úsáideach.

Úsáideoirí teicneolaíocht mhóibíleach, taispeántar dóibh sruthanna fógraí an t-am ar fad bunaithe ar chuardaigh a rinneadh ar líne roimhe. Tá cearta ag úsáideoirí faoin Data Protection Act. Ba chóir dóibh bheith eolach ar a gcuid ceart agus bearta a dhéanamh lena sonraí a chosaint.

Leabharliosta

http://www.bbc.co.uk/education/guides/zcnv4wx/revision/1

http://www.teach-ict.com/gcse_new/social_ethical/politics_ethics/miniweb/pg5.htm

© CCEA 2019